# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/424 ÓN gCOIMISIÚN

**an 14 Márta 2022**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní I, IV, XV, XVI, XVII agus XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann le liostaí de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch a údaraítear i dtaobh each-ainmhithe, táirgí feola, bainne, gruth buí, táirgí bunaithe ar ghruth buí agus táirgí déiríochta, cásálacha agus ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea gur gá na coinsíneachtaí sin a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ([2]) ón gCoimisiún forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, is éard a fhoráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha ná táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a theacht isteach san Aontas ach amháin más ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch a thagann siad a liostaítear le haghaidh an speicis agus na gcatagóirí áirithe sin ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ([3]) ón gCoimisiún bunaítear na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha, nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear do choinsíneachtaí each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas. Ba cheart an tagairt earráideach i dteideal cholún 2 den liosta sin a cheartú. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear d'ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(5) Le Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí de tháirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas. Sa chúigiú colún den liosta sin, ba cheart go léireofaí san iontráil a bhaineann leis an tSeirbia a mhéid a bhaineann le muc-ainmhithe na cóireálacha maolúcháin riosca B nó C dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1351 ón gCoimisiún ([4]), cóireálacha maolúcháin riosca a raibh feidhm acu go dtí an 31 Nollaig 2021 agus a leagtar amach anois in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart an iontráil sin a bhaineann leis an tSeirbia a cheartú, agus ba cheart Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.

(6) Le hIarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear do choinsíneachtaí cásálacha a theacht isteach san Aontas. Chuir an Mhongóil a cuid freagraí ar cheistneoir faoi bhráid an Choimisiúin, ceistneoir a bhain le coinsíneachtaí cásálacha ón tríú tír sin a theacht isteach san Aontas ó thaobh sláinte ainmhithe agus sláinte poiblí de. Sholáthair an Mhongóil a dóthain fianaise agus ráthaíochtaí don Choimisiún freisin le go gcuirfí leis an liosta sin í, liosta ba cheart a leasú dá bhrí sin chun an tríú tír sin a chuimsiú. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(7) Le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar síos liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch, atá údaraithe i dtaca le bainne, gruth buí, táirgí bunaithe ar ghruth buí, táirgí déiríochta a dhíorthaítear ó bhainne amh agus táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas, ar táirgí iad nach bhfuil faoi réir cóireáil shonrach maolaithe riosca in aghaidh an ghalair crúb agus béil. Ba cheart a chur san áireamh sa liosta sin an liosta de thríú tíortha nó de chodanna díobh atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí de bhainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a thabhairt isteach san Aontas Eorpach, agus ina bhfuil léiriú den chineál cóireála teasa is gá le haghaidh tráchtearraí den sórt, liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún ([5]), toisc gur aisghaireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 605/2010 agus gur cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina ionad. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú sa chaoi go mbeidh iontráil ann a bhaineann le hOileán Mhanann, iontráil a liostaíodh in Iarscríbhinn I a ghabh le Rialachán (AE) Uimh. 605/2010.

(8) Le hIarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear do choinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo de speicis liostaithe a theacht isteach san Aontas. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a cheartú trí Chodanna 2, 3 agus 4 a chur isteach arís, Codanna mar ab infheidhme sular leasaíodh Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1937 ón gCoimisiún ([6]), agus a scriosadh go neamhbheartaithe leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú agus a cheartú dá réir.

(10) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is díol práinne éifeacht a bheith ag na leasuithe agus na ceartúcháin atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

---

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1351 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2019 lena mbunaítear coinníollacha speisialta i ndáil le táirgí feola agus goilí, lamhnáin agus ionathair chóireáilte díorthaithe ó mhuc-ainmhithe de thionscnamh Phoblacht na Seirbia a allmhairiú isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd tar éis d'fhiabhras Afracach na muc a theacht chun cinn sa tír sin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/426/AE (IO L 216, 20.8.2019, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2010 lena leagtar síos coinníollacha maidir le sláinte ainmhithe agus sláinte phoiblí agus le deimhniúchán tréidliachta i dtaca le bainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas (IO L 175, 10.7.2010, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1937 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le coinsíneachtaí moileasc agus crústach a theacht isteach san Aontas a bhfuil sé beartaithe iad a choimeád chun críoch ornáideachais i saoráidí dúnta agus lena leagtar síos an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas (IO L 396, 10.11.2021, lch. 36).

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinní I, IV, XV, XVI, XVII agus XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinní I, IV, XV, XVI, XVII agus XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 10:

“(10) Agus tagairt á déanamh don tSeirbia, ní áirítear críoch na Cosaive (*).

(*) Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.”

(2) in Iarscríbhinn IV, i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theidil an tábla:

| “**Cód ISO agus ainm** an tríú tír nó ainm na críche | **An crios** mar a leagtar amach i gCuid 2 | **An grúpa sláintíochta** | **Catagóirí** a cheadaítear a theacht isteach san Aontas | **Deimhnithe sláinte ainmhithe** | **Coinníollacha sonracha** mar a leagtar amach i gCuid 3 | **Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe** mar a leagtar amach i gCuid 4 | **Dáta deiridh** | **Dáta oscailte”** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

(3) in Iarscríbhinn XV, i gCuid 1, i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an tSeirbia:

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| “**RS** An tSeirbia | RS-0 | A | A | B nó C | A | D | D | D | D | D | Neamhúdar-aithe | **MPNT**(1) **MPST”** | |
| | | | | | | | | | | | | | |

(4) in Iarscríbhinn XVI, i gCuid 1, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an Mongóil isteach idir an iontráil a bhaineann le Maracó agus an iontráil a bhaineann leis an Nua-Shéalainn:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| “**MN** An Mhongóil | MN-0 | Crúbacha agus éanlaith chlóis | CAS” | | |

(5) in Iarscríbhinn XVII, i gCuid 1, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann le hOileán Mhanann isteach idir an iontráil a bhaineann leis an nGraonlainn agus an iontráil a bhaineann le Geirsí:

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| “**IM** Oileán Mhanann | IM-0 | Crúbacha | MILK-RM, MILK-RMP/NT, COLOSTRUM, COLOSTRUM-BP, DAIRY-PRODUCTS-PT” | | | | |

(6) in Iarscríbhinn XXI, cuirtear isteach na Codanna 2, 3 agus 4 a leanas i ndiaidh Chuid 1:

"CUID 2

**Tuairiscí ar chriosanna nó ar dheighleoga de thríú tíortha nó de chríocha dá dtagraítear i gcolún 2 den tábla a leagtar amach i gCuid 1**

| **Ainm** an tríú tír nó ainm na críche | **Cód** an chreasa/na deighleoige | **Tuairisc ar an gcrios** |
|---|---|---|
| Ceanada | **CA-1** | British Columbia |
| | **CA-2** | Alberta |
| | **CA-3** | Saskatchewan |
| | **CA-4** | Manitoba |
| | **CA-5** | New Brunswick |
| | **CA-6** | Albain Nua |
| | **CA-7** | Oileán Prince Edward |
| | **CA-8** | Talamh an Éisc agus Labrador |
| | **CA-9** | Yukon |
| | **CA-10** | Críocha an Iarthuaiscirt |
| | **CA-11** | Nunavut |
| | **CA-12** | Québec |
| An Mhalaeisia | **MY-1** | Leithinis, Iarthar na Malaeisia |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | **US-1** | An tír ina hiomláine seachas na Stáit seo a leanas: Nua-Eabhrac, Ohio, Illinois, Michigan, Indiana, Wisconsin, Minnesota agus Pennsylvania |
| | **US-2** | Bá Humboldt (California) |
| | **US-3** | Bá Netarts (Oregon) |
| | **US-4** | Bá Wilapa, góilín Totten, bá Oakland, bá Quilcence agus bá Dabob (Washington) |
| | **US-5** | NELHA (Haváí) |

CUID 3

**Coinníollacha sonracha dá dtagraítear i gcolún 7 den tábla a leagtar amach i gCuid 1**

| | |
|---|---|
| **A** | Maidir le hainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4 den deimhniú oifigiúil caighdeánach FISH-CRUST-HC ina leith, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tríú tír nó críoch, nó de thionscnamh creasa nó deighleoige de thríú tír nó de chríoch a liostaítear i gCuid 1, colún 2 den Iarscríbhinn seo. I ngach cás, beidh feidhm aige sin gan dochar do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 (*) |
| **B** | Maidir le hainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4 den deimhniú oifigiúil caighdeánach MOL-HC ina leith, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tríú tír nó críoch, nó de thionscnamh creasa nó deighleoige de thríú tír nó de chríoch a liostaítear i gCuid 1, colún 2 den Iarscríbhinn seo. I ngach cás, tá feidhm aige sin gan dochar do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405<br>Ní fhéadfar an deimhniú oifigiúil sin a úsáid ach le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo a theacht isteach san Aontas, ar ainmhithe iad atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine agus atá i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le moilisc dhébhlaoscacha bheo arna leagan síos in Iarscríbhinn III, Roinn VII, Caibidil V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus leis na critéir shábháilteachta bia arna leagan síos in Iarscríbhinn I, Caibidil 1, pointí 1.17 agus 1.25 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún (***) |

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

CUID 4

**Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe dá dtagraítear i gcolún 8 den tábla a leagtar amach i gCuid 1**

Dada".